**RABHADH**
Freagair gach ceist sna spásanna atá ann dóibh ar an bpáipéar seo.

Scríobh do Scrúduimhir anseo.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2008**

**STAIDÉAR IMSHAOIL AGUS SÓISIALTA**

**GNÁTHLEIBHÉAL**

**DÉ hAOINE, 6 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 4.00**

**Treoracha d'Iarrthóirí:**

**Freagair GACH CEANN de na CÚIG CHEIST laistigh**

- Maidir le Ceist 1 *ar na leathanaigh 2, 3, 4 agus 5*
  Freagair na codanna (A), (B) agus (C)
- Maidir le Ceist 2 *ar na leathanaigh 6, 7, 8 agus 9*
  Freagair cuid (A) nó cuid (B)
- Maidir le Ceist 3 *ar na leathanaigh 10, 11, 12 agus 13*
  Freagair cuid (A). Ansin freagair cuid (B)
  nó cuid (C)
- Maidir le Ceist 4 *ar na leathanaigh 14 agus 15*
  Freagair (A) agus (B)
- Maidir le Ceist 5 *ar na leathanaigh 16 agus 17*
  Déan deimhin de ar dtús go bhfuil an léarscáil agus an t-aerfótagraf agat. Freagair na ceisteanna uile.

**Don Scrúdaitheoir amháin:**

| *Ceist* | **MARC** |
|---|---|
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| **IOMLÁN** | |
| **GRÁD** | |

**CEIST 1**
**24 marc**

**Freagair GACH ceann de na TRÍ chuid – (A) agus (B) agus (C).**

## (A) CEISTEANNA ILROGHNACHA (12 mharc)

**Freagair 12 de na ceisteanna seo a leanas. Cuir tic ( ✓ ) sa bhosca ceart i ngach cás.**

*Sampla:* Is í an chathair is mó in Éirinn ná:

(a) Gaillimh ☐ (b) Béal Feirste ☐

(c) Baile Átha Cliath ☐ (d) Port Láirge ☐ (1)

*1.* Is é a chuirtear in iúl le compás ná

(a) fad ☐ (b) treo ☐

(c) solas gréine ☐ (d) teocht ☐ (1)

*2.* Is éard is ‘imirce’ ann ná daoine a bheith:

(a) ag bogadh ó áit go háit ☐ (b) ag dó foraoisí ☐

(c) ag ithe feola agus glasraí araon ☐ (d) ag adhlacadh na marbh ☐ (1)

*3.* Ba iad na daoine seo a thóg caisleáin chloch in Éirinn:

(a) na Lochlannaigh ☐ (b) na Manaigh ☐

(c) na Normannaigh ☐ (d) na Ceiltigh ☐ (1)

*4.* Is é an t-aigéan atá taobh thiar d’Éirinn ná:

(a) An tAigéan Ciúin ☐ (b) An tAigéan Artach ☐

(c) An tAigéan Antartach ☐ (d) An tAigéan Atlantach ☐ (1)

*5.* Ar léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis seasann an tsiombail O:

(a) do stáisiún bád tarrthála ☐ (b) do stáisiún Garda ☐

(c) do stáisiún traenach ☐ (d) do stáisiún cumhachta (uisce) ☐ (1)

**6.** Cé acu ceann díobh seo a leanas a chuireann síos ar bhratach an Aontais Eorpaigh?

(a) Dearg, bán agus gorm ☐ (b) Gorm réaltaí órga uirthi ☐

(c) Buí agus réaltaí gorma uirthi ☐ (d) Gorm agus ‘AE’ scríofa uirthi. ☐ (1)

*7.* Is éard a chuireann comhrianta in iúl ná:

(a) aibhneacha ☐ (b) cosáin ☐

(c) teocht ☐ (d) airde os cionn leibhéal na farraige ☐ (1)

*8.* Is ionaid iad comhair chreidmheasa, bainc, oifigí poist:

(a) don chaitheamh aimsire ☐ (b) don tionsclaíocht ☐

(c) don airgeadas ☐ (d) don oideachas ☐ (1)

*9.*



Tá an bhean sa phictiúr ag baint úsáide as:

(a) tuirne ☐ (b) bró ☐

(c) seol ☐ (d) ceárta ☐ (1)

**10**. Tháinig na Ceiltigh:

(a) ó Lár na hEorpa ☐ (b) ó Meiriceá Thuaidh ☐

(c) ón Iorua ☐ (d) ón Afraic ☐ (1)

**11.** Is é a tugadh ar na daoine a rinne ionradh ar Éirinn in 1169 ná:

(a) na Lochlannaigh ☐ (b) na Ceiltigh ☐

(c) na Normannaigh ☐ (d) na Sacsanaigh ☐ (1)

**12.** Is éard is mó a bhíonn i limistéar talmhaíochta ná:

(a) monarchana ☐ (b) tithe ☐

(c) stáisiúin chumhachta ☐ (d) feirmeacha ☐ (1)

**13.** Cén tír inar cuireadh tús leis an Réabhlóid Thionsclaíoch?

(a) Éire ☐ (b) An Fhrainc ☐

(c) An Bhreatain ☐ (d) SAM ☐ (1)

**14**. Is sampla é/í d'acmhainn inathnuaite:

(a) gual ☐ (b) gás ☐

(c) grianchumhacht ☐ (d) ola ☐ (1)

**[Thall**

**(B) MUINTIR AN tSEANSAOIL**

**AN tSEANRÓIMH, AN tSEANGHRÉIG, AN tSEANÉIGIPT NÓ DOMHAN NA nINCEACH**
**(6 mharc)**


I gcás ceann **AMHÁIN** de na sibhialtachtaí thuas, scríobh ar cheann **AMHÁIN** de na topaicí seo a leanas:

(a) Uirlisí troda a d'úsáid siad
**NÓ**
(b) Éadaí
**NÓ**
(c) Tithe
**NÓ**
(d) Nósanna adhlactha

Is í an tsibhialtacht a scríobhfaidh mé uirthi ná ___________________________________________

(6)

## (C) NA LOCHLANNAIGH (6 mharc)



*1.* Tháinig na Lochlannaigh ó Chríoch Lochlann.

Ainmnigh **DHÁ** thír i gCríoch Lochlann.

________________________________ agus ________________________________ (2)

*2.* Féach ar an bpictiúr thuas.

Léarscáil den Eoraip atá ann.

Ar an léarscáil,

a. Marcáil Éire leis an litir A (1)

b. Marcáil tír ar bith i gCríoch Lochlann leis an litir B. (2)

*3.* Ainmnigh cathair nó baile mór **AMHÁIN** in Éirinn a bhunaigh na Lochlannaigh.

______________________________________________________________________ (2)

**[Thall**

# CEIST 2

**24 marc**

**Freagair cuid (A) nó cuid (B).**

**(A) AN PLANDÁIL IN ÉIRINN SA 17ú hAOIS (24 marc)**

***1.*** Cén fáth ar shocraigh rialtas Shasana ar 'Phlandálacha' a thosú in Éirinn?
Tabhair **DHÁ** chúis.

______________________________________________________________________________(4)

***2.*** Cad as ar tháinig an chuid is mó de na lonnaitheoirí?

______________________________________________________________________________(2)

***3.*** Cén reiligiún a bhí ag formhór na lonnaitheoirí?

______________________________________________________________________________(2)

***4*** Cén teanga a labhair na lonnaitheoirí?


______________________________________________________________________________(2)

***5*** Cén reiligiún a bhí ag na hÉireannaigh dhúchasacha?

______________________________________________________________________________(2)

***6*** Cad a tharla do na hÉireannaigh dhúchasacha nuair a bhog na lonnaitheoirí isteach?
Cá ndeachaigh siad?

______________________________________________________________________________(4)




Taispeánann an léarscáil seo lonnaíocht Uladh tar éis na Plandála.
Féach ar an léarscáil agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

*7.* Ainmnigh **DHÁ** chontae ina raibh formhór na lonnaitheoirí ina Sasanaigh.

____________________ agus ____________________ (2)

*8.* Ainmnigh **DHÁ** 'bhaile Plandála'.

____________________ agus ____________________ (2)

*9.* Luaigh **DHÁ** thoradh ar Phlandáil Uladh atá le feiceáil fós sa lá inniu.

________________________________________

________________________________________

________________________________________ (4)

**[Thall**

NÓ

**(B) AN BHRASAÍL SA 20ú hAOIS** **( 24 marc)**

**Léigh an t-eolas thíos agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.**

## *Díchoilltiú sa Bhrasaíl*





*Tá foraois bháistí na hAmasóine sa Bhrasaíl. Clúdaíonn sí breis agus 3 mhilliún ciliméadar cearnach, achar atá beagnach chomh mór le tíortha uile na hEorpa le chéile.*

*Tugtar 'scamhóga an domhain' ar fhoraois bháistí na hAmasóine uaireanta. Is í an fhoraois bháistí is mó ar domhan í agus is inti a chónaíonn beagnach trian de na hainmhithe agus den bheatha phlandúil ar an bpláinéad. Déanann na plandaí i bhforaois bháistí na hAmasóine an cúigiú cuid d'ocsaigin an domhain.*

*Ciallaíonn díchoilltiú gur gearradh anuas na céadta míle crann agus go bhfuil níos mó ná an cúigiú cuid den fhoraois bháistí imithe anois.*

*Gearrtar anuas na crainn chun adhmad a dhíol, ach chun áit a dhéanamh freisin le haghaidh feirmeacha d'eallach agus do phónairí soighe.*

*Glanann comhlachtaí mianadóireachta crainn den talamh sula dtosaíonn siad ag mianadóireacht. Is minic a bhíonn ar na daoine a chónaíodh sna foraoisí báistí bogadh go dtí na cathracha móra nuair a ghearrtar na crainn anuas. Tá rialtas na Brasaíle ag iarraidh moill a chur le líon na gcrann atá á ngearradh anuas.*

***1.*** Cé chomh mór agus atá foraois bháistí na hAmasóine?____________________ (2)

***2.*** Cén fáth a dtugtar 'scamhóga an domhain' uirthi?____________________

________________________________________(2)

***3.*** Cad is díchoilltiú ann?________________________________________

________________________________________(2)

***4.*** Tabhair **DHÁ** chúis a bhfuil crainn á ngearradh anuas.

________________________________________

________________________________________

________________________________________(4)


***5.*** Cén fáth a mbogann na daoine a chónaíonn san fhoraois bháistí go dtí na cathracha?


________________________________________

________________________________________(2)

6. Ainmnigh cathair **AMHÁIN** sa Bhrasaíl a bhféadfadh daoine bogadh chuici.

______________________________ (2)





7. Nuair a bhogann daoine ón bhforaois bháistí go dtí na cathracha, is minic a bhíonn siad ina gcónaí in favelas sa deireadh.

Cad is favela ann?

______________________________

______________________________

______________________________ (2)

8. Scríobh ar na deacrachtaí a bhíonn roimh dhaoine ó na foraoisí báistí nuair a bhogann siad go dtí na cathracha móra.
(*Leideanna: Obair, oideachas, tithíocht, difríochtaí cultúir*).

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ (8)



**[Thall**

## CEIST 3

**24 marc**

**Freagair cuid (A), ansin freagair cuid (B) <u>nó</u> cuid (C)**

**(A) AN RÉABHLÓID THIONSCLAÍOCH (12 mharc)**



*Seo í Hannah Brown. Rugadh in 1809 í in Bradford, Sasana.*

*Oibrí páiste a bhí inti i muileann cadáis in Bradford le linn na 1800dí. Mr. Ackroyd an t-ainm a bhí ar a bas (saoiste).*

*In 1832 bhí fear ó rialtas na Breataine ag iarraidh a fháil amach conas mar a bhí cúinsí sna monarchana agus chuir sé agallamh uirthi.*

*Seo thíos cuid den agallamh léi.*

**Agallóir:** Cé chomh luath agus a thosaigh tú ag obair sna muilte?

**Hannah:** In aois naoi mbliana.

**Agallóir:** Cad iad na huaireanta oibre a bhí agat?

**Hannah:** Thosaigh mé ar a sé a chlog ar maidin agus d'oibrigh mé go dtí a naoi san oíche.

**Agallóir:** Ar chuir an obair sin isteach ar do ghéaga?

**Hannah:** Chuir, mhothaigh mé pian go leor i mo chosa.

**Agallóir:** An ndearna sé sin dochar ar bith do do ghéaga?

**Hannah:** Rinne, tá mó dhá ghlúin casta isteach agus iad ag bualadh faoina chéile. Níl aon leigheas air.

**Agallóir:** Ar chuir Mr. Ackroyd pionós ar bith ort riamh?

**Hannah:** Chuir; rug sé greim ar mo chuid gruaige agus ar mo chluas, agus tharraing sé mé, agus bhain sé geit asam, níos mó ná uair amháin.

**Agallóir**: An bhfaca tú riamh é ag caitheamh le haon duine eile mar sin?

**Hannah:** Sea, chonaic mé gur rug sé greim gruaige ar ghaol liom.

**Agallóir:** An bhfuil tú á rá gur tharraing sé í?

**Hannah:** Sea, tharraing sé trasna an urláir í.

**Léigh agallamh Hannah ar an leathanach roimhe seo agus freagair na ceisteanna seo a leanas:**

***1.*** Cén aois a bhí ag Hannah nuair a thosaigh sí ag obair sa mhuileann?

________________________________________________(1)

***2.*** Cé mhéad uair in aghaidh an lae a bhí ar Hannah oibriú?

________________________________________________(2)

***3.*** Cén tionchar fadtréimhseach a bhí ag an obair sa mhuileann ar shláinte Hannah?

________________________________________________

________________________________________________

________________________________________________(3)

***4***. An dóigh leat go raibh Mr. Ackroyd cóir cothrom mar bhas?
Tabhair **DHÁ** chúis le do fhreagra.

________________________________________________

________________________________________________

________________________________________________

________________________________________________(3)

***5.*** An bhféadfadh scéal mar scéal Hannah tarlú sa lá inniu in Éirinn?
Tabhair **DHÁ** chúis le do fhreagra.

________________________________________________

________________________________________________

________________________________________________(3)

## (B) AN CHÉAD CHOGADH DOMHANDA ( 12 mharc)

*1.* Anseo tá roinnt pictiúr a thaispeánann airm agus trealamh nua a úsáideadh sa Chéad Chogadh Domhanda.














I gcás **DHÁ** cheann ar bith díobh sin, ainmnigh iad agus scríobh ar conas a úsáideadh iad sa Chéad Chogadh Domhanda.

Pictiúr Uimh.____

Ainm an airm/trealaimh ______________________________________________

Conas a úsáideadh é ________________________________________________(3)

Pictiúr Uimh.____

Ainm an airm/trealaimh ______________________________________________

Conas a úsáideadh é ________________________________________________(3)

*2*. Scríobh ar cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

An saol sna trinsí sa Chéad Chogadh Domhanda

Cath na Somme

An Lusitania

Conradh Versailles

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________(6)

**(C) AN DARA COGADH DOMHANDA** **(12 mharc)**

*1.* Ainmnigh tír **AMHÁIN** a bhí ar thaobh na Gearmáine sa Dara Cogadh Domhanda.

________________________________________________________________(2)


*2.* Ainmnigh **DHÁ** thír a bhí ar thaobh na Breataine sa Dara Cogadh Domhanda.


______________________________ agus ___________________________________(4)

*3.* Seo sé phóstaer ón Dara Cogadh Domhanda. (Tá leagan Gaeilge den téacs ar leathanach 17.)

Féach orthu agus ansin freagair na ceisteanna thíos.














I gcás **DHÁ** cheann ar bith díobh, mínigh cén teachtaireacht atá siad ag iarraidh a chur in iúl.

Póstaer Uimh.____

Cad a chiallaíonn sé__________________________________________________

________________________________________________________________(3)

Póstaer Uimh.____

Cad a chiallaíonn sé__________________________________________________

________________________________________________________________(3)



**[Thall**

# CEIST 4

**24 marc**

**Answer parts (A) and (B)**

**(A) FEIRMEOIREACHT SA DOMHAN FORBARTHA AGUS SA DOMHAN I mBÉAL FORBARTHA** **(12 mharc)**

Féach ar Ghrianghraf A agus ar Ghrianghraf B agus freagair na ceisteanna ina ndiaidh:



Grianghraf A



Grianghraf B

Taispeánann an dá ghrianghraf feirmeoirí agus iad ag treabhadh.

***1.*** Cén grianghraf díobh a thaispeánann tír ***fhorbartha***?

______________________________________________________________(1)

***2.*** Ainmnigh tír ***fhorbartha*** amháin a bhféadfadh sé gur tógadh an grianghraf seo inti.

______________________________________________________________(1)

***3.*** Cén grianghraf díobh a thaispeánann tír ***i mbéal forbartha***?

______________________________________________________________(1)

***4.*** Ainmnigh tír amháin ***i mbéal forbartha*** a bhféadfadh sé gur tógadh an grianghraf seo inti.

______________________________________________________________(1)

***5.*** Tabhair **DHÁ** shampla d'fhadhbanna feirmeoireachta a d'fhéadfadh a bheith roimh na feirmeoirí i nGrianghraf A.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________(4)

***6.*** Tabhair **DHÁ** shampla d'fhadhbanna feirmeoireachta a d'fhéadfadh a bheith roimh na feirmeoirí i nGrianghraf B.

______________________________________________________________


______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________(4)

## (B) AN DOMHAN ÉAGOTHROM

Ciallaíonn Básmhaireacht Leanaí líon na leanaí a fhaigheann bás sula sroicheann siad a gcéad lá breithe. Taispeánann na léarscáileanna seo básmhaireacht leanaí ar fud an domhain i 1900 agus i 1994. Féach ar na léarscáileanna agus freagair na ceisteanna thíos.




***1.*** I 1900, ba é an ráta básmhaireachta leanaí sa chuid ba mhó de thíortha na hEorpa ná:

_______________________________________________ (2)

***2.*** I 1994, ba é an ráta básmhaireachta leanaí sa chuid ba mhó de thíortha na hEorpa ná:

_______________________________________________ (2)

***3.*** Ainmnigh tír **AMHÁIN** ina raibh an ráta básmhaireachta leanaí faoi 1% i 1994.

_______________________________________________ (2)

***4.*** Cén mhór-roinn ina raibh an ráta básmhaireachta leanaí ba mheasa i 1994?

_______________________________________________ (2)

***5.*** Tabhair **DHÁ** chúis a bhfaigheann an oiread sin leanaí bás agus iad óg i roinnt de thíortha an domhain.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ (4)

# CEIST 5

**24 marc**

**Déan deimhin de go bhfuil léarscáil agus fótagraf agat sula bhfreagraíonn tú na ceisteanna seo.**

Scrúdaigh an Léarscáil 1 : 50,000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an t-aerfótagraf a thagann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna thíos.

Taispeánann an léarscáil agus an fótagraf baile Cheatharlach agus an ceantar ina thimpeall.

***1.*** Ainmnigh an Príomhbhóthar Náisiúnta a thaispeántar ar an léarscáil.

______________________________________________ (2)

*2*. Luaigh ainmneacha **DHÁ** cheann de na haibhneacha a thaispeántar ar an léarscáil.

______________________________________________

agus__________________________________________ (4)

***3.*** Cad é an fad ina chiliméadair feadh an R430 ón mbosca teileafóin ag Cill Lisín (Killeshin) (S 677 781) go dtí acomhal an R430 agus an N80 (S 715 766)?

______________________________________________(4)

***4.*** Féach ar an bhfótagraf agus mol cúis **AMHÁIN** ar fhás baile Cheatharlach sa suíomh seo.

______________________________________________

______________________________________________(4)

***5.*** Tabhair píosa **AMHÁIN** fianaise ón léarscáil go raibh daoine ina gcónaí sa cheantar seo fadó.

______________________________________________

______________________________________________ (2)

***6.*** Agus tú ag féachaint ar an léarscáil, an dóigh leat gur talamh maith feirmeoireachta é an talamh mórthimpeall Cheatharlach? Tabhair **DHÁ** chúis le do fhreagra.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ (4)

**7.** Taispeánann an fótagraf nach bhfuil ach beagán tráchta ag trasnú an droichid i gCeatharlach. Agus an léarscáil agus an fótagraf á n-úsáid agat, mol cúis leis sin.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (4)

| | | |
|---|---|---|
| **Póstaer 1**<br>"Coinnigh suas na feirmeacha agus na fir i mbun troda."<br><br>Liostáil in<br>ARM TALÚN na mBAN | **Póstaer 2**<br>ACHAINÍ NA TÍRE ORT<br><br>Nach fiú troid ar a shon seo?<br>LIOSTÁIL LÁITHREACH | **Póstaer 3**<br>GAN CHIONDÁIL<br><br>Ciallaíonn an chiondáil<br>go mbeidh ár gcion ceart<br>againn uilig<br><br>LEIS AN gCIONDÁIL |
| **Póstaer 4**<br>FÁG HITLER AGAMSA,<br>A MHIC – BA CHOIR<br>DUITSE A BHEITH<br>AR SHIÚIL AS LONDAIN | **Póstaer 5**<br>TORADH AR DO CHUID<br>OIBRE<br><br>Cuir glasraí i do ghairdín féin | **Póstaer 6**<br>TÉIGH LEIS AN WAAF<br>LEIS NA FIR SA SPÉIR |

**Téacs Gaeilge do na póstaeir ar lch 13**

Leathanach Bán

# Leathanach Bán

Leathanach Bán